

Díospóireacht Ranga Tíreolaíochta

Cuireann an áis seo le físeán lá 3 Sheachtain na Food Dudes don leibhéal sinsearach. Baineann an áis seo leis an gcuraclam Tíreolaíochta do dhaltáí Rang 5 agus Rang 6.

Físteachtairacht:

Déantar cur síos i bhfíseán lá 3 ar an bpirimid bhia.

Baineann na gníomhaíochtaí seo leis na **réimsí curaclaim** seo a leanas:

Tíreolaíocht > Timpeallachtaí Daoine > Saincheisteanna trádála agus forbartha

Príomhthorthaí Foghlama:

Ba chóir daltaí Rang 5 agus Rang 6 a chumasú chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ✓ trí staidéar a dhéanamh ar chuid de na mór-thráchtearraí domhanda, saincheisteanna a bhaineann leis na tráchtearraí a bhíonn in úsáid ag daoine in Éirinn a fhiosrú (m.sh. siúcra, tae, caife, bananaí, rubar, ola)
- ✓ foghaim faoi cá háit agus conas a tháirgtear na hearraí seo, an timpeallacht ina dtáirgtear iad, obair na ndaoine a tháirgeann iad, trádáil na n-earraí seo, déantúsaíocht, díolachán agus dáileadh in Éirinn i gcomhthéacs na trádála, dálaí cothroma agus míchothroma trádála.

Treoirínnte don Mhúinteoir:

- ✓ I dtús báire, cuir na daltaí in dhá ghrúpa agus iarr orthu seicliosta fíricí a dhéanamh faoi iompórtáil bananaí go hÉirinn. Tig leis an dá ghrúpa a gcuid taighde a dhéanamh ar an Idirlíon, má tá sé ar fáil dóibh, chun teacht ar eolas, mar shampla cá háit agus conas a tháirgtear bananaí.
- ✓ Is féidir a iarraidh ar na daltaí an méid seo a dhéanamh mar obair bhaile agus a gcuid taighde a dhéanamh sa bhaile roimh an díospóireacht.
- ✓ Díreoidh grúpa amháin ar na buntáistí a bhaineann le hiompórtáil earraí go ginearálta agus díreoidh an grúpa eile ar na míbhuntáistí a bhaineann le hiompórtáil earraí go ginearálta.
- ✓ Cuirfidh an dá ghrúpa a n-argóintí i láthair i bhformáid díospóireachta.
- ✓ Féadfaidh na daltaí úsáid a bhaint as áiseanna físiúla amhail PowerPoint agus smeach-chairteanna nuair atá siad ag cur a gcuid argóintí le chéile agus nuair atá siad ag dul don ransú smaointe.
- ✓ Ba chóir dóibh díriú ar iompórtáil earraí éagsúla agus ní ar bhananaí amháin sa chur i láthair ar a gcuid smaointe.
- ✓ Is féidir úsáid a bhaint as leathanach a dó mar threoir chun a chinntiú go gclúdaítear na príomhcheisteanna sa díospóireacht.
- ✓ B'fhéidir gur mhaith leat nasc a dhéanamh idir seo agus obair níos leithne faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaíthe na Náisiún Aontaithe, mar shampla, Sprioc 1: Deireadh leis an mbochtanas, Sprioc 2: Sláinte Mhaith agus Folláine, Sprioc 8: Obair Fhónta agus Fás Eacnamúil, Sprioc 10: Míchothromaíochtaí Laghdaithe agus/nó Sprioc 12: Caitheamh agus Táirgeadh Táirgí ar Dhóigh Fhreagrach.

Ba chóir na daltaí a threorú chun an t-ábhar a phlé de réir 3 phríomhtheideal:

1. Nádúrtha

- ✓ Buntáistí – fásann an táirge in aeráid agus i dtírdhreach ina bhfuil na dálaí díreach ceart; tá tuiscint mhaith ag na táirgeoirí ar an tírdhreach agus mar gheall air sin, bíonn caighdeán an táirge níos fearr
- ✓ Míbhuntáistí – an tionchar a bhíonn ar an gcomhshaol ag táirgí a chur ar fud an domhain in eitleáin nó i longa (“aermhílte”); an tionchar a bhíonn ag monarchana neamhrialaithe ar an gcomhshaoil; d’fhéadfadh úsáid mhéadaithe uisce a bheith i gceist; muintir na hÉireann a bheith ag brath ar thrádáil idirnáisiúnta; easpa neamhthuilleamaíochta; cailteanas eolais; inrianaitheacht laghdaithe i dtaca le táirgí; úire na dtáirgí a bheith laghdaithe; d’fhéadfadh sé go mbeadh lotnaidicídí agus leasacháin in úsáid; spreagtar daoine le táirgí a ithe taobh amuigh den séasúr ina mbíonn siad ar fáil de ghnáth; bíonn an tír / an ceantar ina dtáirgtear na hearraí ag brath an iomarca ar bharrá nó ar tháirge amháin; téamh domhanda / fachtóirí comhshaoil a théann i bhfeidhm ar bharrá, rud a théann i bhfeidhm ar sholáthar na n-earraí; éileamh méadaithe; boilsciú; saincheisteanna inbhuanaitheachta; gorta

2. Sóisialta

- ✓ Buntáistí – mar gheall ar eolas agus scileanna a bheith curtha ar aghaidh ó ghlúin go glúin, tá na seirbhísí níos fearr; rochtain mhéadaithe ar chúram sláinte de cháilíocht níos fearr; rochtain mhéadaithe ar theicneolaíocht; bealaí iompair níos fearr; cuirtear an éagsúlacht chun cinn
- ✓ Míbhuntáistí – b’fhéidir go mbeadh struchtúr sóchúil traidisiúnta ann; ról ar leith d’fhir agus ról eile do mhná a bheith daingnithe

3. Eacnamúil

- ✓ Buntáistí – fostaíocht a bheith ar fáil; cuirtear le fás eacnamúil; feabhas ar an mbonneagar áitiúil; feabhas ar nascthacht; feabhas ar sheirbhísí; costais saothair níos lú ná táirgeoirí in Éirinn; rogha níos fairsinge ar fáil don tomhaltóir; iomaíochas níos mó, rud a laghdaíonn an costas a bhíonn ar an tomhaltóir a íoc
- ✓ Míbhuntáistí – dúshaothrú; éagothromas; taraifí agus srianta; táirgeoirí beaga / neamhspleácha ag streachailt le bheith iomaíoch ó thaobh praghsanna agus cainníochta de; gearradh siar ar phá; seachfhoinsiú post; ní thacaítear le feirmeoirí ná táirgeoirí in Éirinn

Plé

I ndiaidh do na daltaí na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le gach argóint a chur i láthair, déan plé ranga a éascú faoi na naisc idir na pointí éagsúla. Mar shampla, an nasc idir saincheisteanna sóisialta agus saincheisteanna eacnamaíochta; conas a théann saincheisteanna comhshaoil i bhfeidhm ar an ngeilleagar, srl.

Léirigh nach ceist shimplí “maith” agus “olc” atá ann ach go bhfuil an scéal níos casta ná sin.